

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

**Cigireacht Ábhair ar an Eacnamaíocht Bhaile  
TUAIRISC**

**Gairmscoil na bPiarsach  
Ros Muc, Contae na Gaillimhe  
Uimhir rolla: 71380N**

**Dáta na cigireachta: 28 Aibreán 2014**



**A N R O I N N | D E P A R T M E N T O F  
O I D E A C H A I S | E D U C A T I O N  
A G U S S C I L E A N N A | A N D S K I L L S**

**TUAIRISC**  
**AR**  
**CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAIS SAN EACNAMAÍOCHT**  
**BHAILE**

---

**EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT**

<b>Dáta na cigireachta</b>	28 Aibreán 2014
<b>Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu</b> <ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha</li><li>• Plé leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir</li><li>• Caidreamh le scoláirí</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith cúig thréimhse ranga</li><li>• Athbhreithniú ar obair na scoláirí</li><li>• Aiseolas don phríomhoide agus don múinteoir</li></ul>

**PRÍOMHCHINTÍ**

- Bhí cáilíocht na pleanála, mar aon le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama, ar ardchaighdeán sna ceachtanna a breathnaíodh.
- Baineadh feidhm as éagsúlacht mhaith de straitéisí foghlama gníomhaí agus de cheistiú d'ord níos airde chun aird na ndaltaí a mhealladh.
- Ba í an Ghaeilge an teanga theagaisc a úsáideadh i ngach ceacht. Mar sin féin, roghnaíonn roinnt daltaí tabhairt faoina scrúduithe teastais trí Bhéarla.
- Baintear dea-úsáid as raon leathan d'acmhainní teagaisc Gaeilge chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú.
- Bhí caidreamh an-mhaith idir an múinteoir agus na daltaí le linn na gceachtanna go léir a breathnaíodh.
- Is ann do sholáthar maith acmhainní agus dea-thacaíocht na scoile uile don Eacnamaíocht Bhaile.

**PRÍOMH-MHOLTAÍ**

- Maidir le ranganna cumais mheasctha, ba cheart tuilleadh úsáide éigin a bhaint as difreáil d'fhonn freastal ar riachtanais éagsúla foghlama daltaí.
  - Ba cheart don scoil leanúint dá hiarrachtaí tacú le daltaí maidir lena scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge.
  - Maidir le soláthar acmhainní, ba cheart tosaíocht a thabhairt don ghá le tuilleadh trealamh fuála.
-

## RÉAMHRÁ

Scoil chomhoideachais atá ag oibriú faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin is ea Gairmscoil na bPiarsach. Agus í suite i Ros Muc i nGaeltacht Chonamara, cuireann an scoil oideachas leathan ar fáil agus is ionann an rollú príomhshrutha agus seacht ndalta is nócha faoi láthair. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga labhartha na scoile agus tugtar faoi gach gníomhaíocht scoile trí Ghaeilge. Glacann an scoil páirt sa tionscnamh um Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS). Ní thairgtear an Idirbhliain sa scoil faoi láthair.

## TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí ardchaighdeán teagaisc agus foghlama sna ceachtanna praiticiúla agus sna ceachtanna teoirice a bhreathnaíodh. Bhí torthaí foghlama soiléire ag ceachtanna, bhí siad dea-struchtúrtha agus bhí luas cuí ag gabháil leo.
- Cuireadh teagasc seomra ranga ar fáil trí Ghaeilge. Tá an tiomantas do chur chun cinn na Gaeilge ar aon dul le beartas na scoile agus is inmholta atá na hiarrachtaí ar na dúshlán sin a chomhlíonadh. Tugadh faoi deara go roghnaíonn roinnt daltaí gach bliain tabhairt faoina n-obair chúrsa agus faoina scrúduithe teastais trí Bhéarla. Moltar don scoil leanúint dá hiarrachtaí chun tacú le daltaí maidir lena scrúduithe a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Rinneadh naisc an-mhaith le réamheolas na ndaltaí agus forbraíodh é sin ar bhealach éifeachtach le linn an cheachta. Bhí dea-thuisctint ar an ngá le teagasc de réir an raoin de stíleanna foghlama na ndaltaí laistigh de ghrúpaí ranga. Breathnaíodh leibhéal arda de thacaíocht aonair a bhí oiriúnaithe do riachtanais na ndaltaí.
- Breathnaíodh roinnt samplaí maithe den úsáid as modheolaíochtaí teagaisc ghníomhaigh. Anuas air sin, bhí fianaise ar úsáid éigin as difreáil. Maidir leis na ranganna cumais mheasctha a breathnaíodh, ba cheart an úsáid as straitéisí le haghaidh difreála a fhorbairt tuilleadh ionas go bhféadfaí leanúint ar aghaidh ag cur dúshlán ar dhaltaí foghlaim neamhspleách a chothú in obair bhéil, in obair scríofa agus in obair phraiticiúil.
- Le linn na hoibre praiticiúla a breathnaíodh, bhí cothromaíocht chuí idir teagasc múinteora, taispeáint agus am chun ligean do dhaltaí oibriú go neamhspleách. Breathnaíodh dea-chleachtas maidir le forbairt na n-eochairscileanna sna réimsí seo: ullmhúchán bia, scileanna cócaireachta, sláinteachas, sábháilteacht, bainistíocht acmhainní agus féinmheastóireacht.
- Baineadh úsáid an-mhaith as ceistiú spriocdhírthe chun eolas na ndaltaí a thástáil, chun faisnéis a fháil ó dhaltaí agus chun dúshlán a chur orthu machnamh a dhéanamh ar an ábhar. Bhí roinnt úsáide iontach maith as ceistiú d'ord níos airde le feiceáil.
- Tugadh aird mhaith ar an litearthacht agus ba go maith a treisíodh téarmaíocht a bhí sonrach don ábhar, mar aon le díriú ar an uimhearthacht i roinnt ceachtanna. Anuas air sin, feabhsaíodh an timpeallacht foghlama le taispeáintí de bhunábhair ábhair.
- Bhí na daltaí coinsiasach agus ghlac siad páirt mhaith ina bhfoghlaim. Bhí caidreamh an-mhaith le feiceáil idir an múinteoir agus na daltaí, rud ba chúis le timpeallacht dhearfach sa seomra ranga. D'iompair na daltaí go han-mhaith agus chabhraigh dearbhú dearfach a n-iarrachtaí leis an múinteoir ionchais níos airde agus caighdeán níos airde a ardú i measc foghlaimeoirí.
- Déantar monatóireacht agus measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn agus inniúlacht na ndaltaí le raon modhanna measúnaithe.

- Socraíodh caighdeán arda maidir le socrú agus monatóireacht a dhéanamh ar obair bhaile. De ghnáth, thaispeáin daltaí dea-leibhéil eolais agus tuiscena a bhí oiriúnach dá n-ábaltacht. Breathnaíodh roinnt cleachtas an-mhaith maidir le haiseolas múnlaiteach a chur ar fáil do dhaltaí.

### **SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE**

- Ábhar roghnach móréilimh sna haoisghrúpaí go léir is ea an Eacnamaíocht Bhaile, cé gur ábhar é a roghnaíonn an cohórt baineanach den chuid is mó go traidisiúnta. Tugann daltaí na chéad bhliana atá ag teacht isteach agus daltaí an chúigiú bliain agus iad ag dul isteach sa tsraith shinsearach faoi chlár roghnach gairid samplála ábhair. Cruthaítear bandaí rogha ábhair i gcomhairle le daltaí agus laistigh de shrianta na n-acmhainní ar fáil. Tá ról le himirt ag an scoil i dtacaíocht a thabhairt do dhaltaí roghanna ábhair níos neamhthraidisiúnta a dhéanamh d'fhonn cothromaíocht inscne a spreagadh. Ba cheart leanúint ar aghaidh ag athbhreithniú socrúithe le haghaidh roghanna ábhair le himeacht ama i gcomhairle leis na comhpháirtithe lena mbaineann.
- Baineann an Eacnamaíocht Bhaile leas as dea-sholáthar acmhainní agus as tacaíocht na scoile uile. Tá sainseomra a athchóiríodh le déanaí ag an scoil a fheidhmíonn mar chistin agus mar sheomra teicstílí. Déantar trealamh agus acmhainní a chothabháil go maith agus tacaíonn an lucht bainistíochta le hiarratais a dhéantar ar athsholáthar agus sheirbhísiú leanúnach an tsaintrealaimh le haghaidh staidéar ar bhia agus ar theicstílí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do roinnt innill fuála agus trealamh fuála sa bhreis a chur ar fáil.
- Ba cheart don scoil forbairt a dhéanamh ar nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú rialta ar a ráiteas sláinte agus sábháilteachta i gcomhréir leis na treoirlínte reatha agus leis an reachtaíocht reatha. Ba cheart tagairt a dhéanamh i measúnú riosca do chineál déchuspóra an tseomra.
- Tá tiomantas láidir d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach le feiceáil. Tugadh faoi uasoiliúint shuntasach le go mbeadh an múinteoir inniúil san ábhar a sholáthar trí Ghaeilge. Tá creidmheas tuillte ag lucht bainistíochta na scoile agus ag an múinteoir araon as an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le teagasc trí Ghaeilge a chur ar fáil don Eacnamaíocht Bhaile. Tá breithniú á dhéanamh ar dheiseanna chun oibriú mar scrúdaitheoir cúnta i marcáil na gcomhpháirteanna éagsúla de na scrúduithe teastais trí Ghaeilge.
- Tá deiseanna ag daltaí eacnamaíocht bhaile a bhfoghlaim a leathnú trí ghníomhaíochtaí éagsúla comhchuraclaim agus seach-churaclaim. Tá sé sin á bhaint amach faoi láthair trí aoichainteoirí a chur ar fáil, trí thaispeántais chócaireachta, trí pháirt a ghlacadh i gcomórtais agus trí bhaint a bheith acu le gníomhaíochtaí amhail feachtas bia shláintiúil, Clár na Scoileanna Glasa, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus lónadóireacht a chur ar fáil d'imeachtaí éagsúla scoile.
- Tá beartas um obair bhaile i bhfeidhm agus tá gá le beartas comhaontaithe measúnachta na scoile uile a fhorbairt.

### **PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN**

- Ar ardchaighdeán a bhí an t-ullmhúchán le haghaidh ceachtanna aonair. Baintear dea-úsáid as raon leathan de nótaí ranga agus d'acmhainní teanga Gaeilge, lena n-áirítear

teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar thuilleadh úsáide a bhaint as téacsleabhair Ghaeilge.

- Doiciméad cuimsitheach atá i bplean na roinne ábhair. Anuas air sin, is ann do scéimeanna imlíneacha oibre agus scéimeanna mionsonraithe oibre le haghaidh gach aoisghrúpa. Áirítear leis na scéimeanna mionsonraithe oibre torthaí foghlama, modheolaíochtaí agus acmhainní le haghaidh gach aoisghrúpa. Cuirtear rannán athbhreithniúcháin san áireamh freisin chun tacú le féinmheastóireacht an mhúinteora agus déanann sé sin eolas do phleanáil sa todhchaí.
- Is ann do dhea-chomhoibriú idir an múinteoir agus pearsanra tacaíocht foghlama chun éascú a dhéanamh ar chur chuige dírithe maidir le tacú le daltaí ag a bhfuil riachtanais bhreise oideachais.
- Déantar anailís ar thaifid na gnóthachtála daltaí i scrúduithe teastais gach bliain agus déanann sé sin eolas do phleanáil sa todhchaí.
- Eochairthosaíocht don scoil is ea comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Taifeadtar torthaí measúnaithe go córasach agus cuirtear tuairiscí chuig an teach ceithre huaire sa bhliain.

---

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

# **Aguisín**

**Freagra na Scoile ar an Tuairisc**

**Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta**

### **Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile**

Cuireann Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc agus an Bord Oideachais agus Oilíúna Gaillimh/Ros Comáin fáilte roimh an tuairisc sa gCigireacht ábhar ar an Eacnamaíocht bhaile mar dheis chun cleachtais oibre na scoile a mheas. Táimid sásta go bhfuil an tuairisc seo ar an iomlán moltach i dtaobh modhanna oibre san ábhar thuasluaite. Tá an Ghairmscoil fíorbhrodúil as ucht an dea-atmaisféar atá idir scoláirí agus foireann teagaisc na scoile a chabhraíonn linn oideachais i ngaeilge de ard-chaighdeán a chur ar fail dár scoilphobal.

### **Réimse 2: Gníómhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm**

Déanadh plé ar an aiseolais béil a thug an cigire don phríomhoide agus an múinteoir ábhar i ndiaidh na cigireachta leis an bhfoireann teagaisc ag an gcrinniú foirne ar an 28 04 14.

Déanfar plé ar na moltaí sa tuairisc seo ag crinniú de foireann teagaisc na scoile ar an t-ochtú lá de Nollaig, 2014. Iarrfar ar an múinteoir eacnamaíocht bhaile agus mar chomhairle deachleachtais na múinteoirí ar fad na moltaí sa tuairisc úd a bheith curtha i bhfeidhm ina gcuid pléanna ábhar roimh mí Feabhra 2015.

Cuirfear tuairisc ina thaobh seo ar fail do Bhord Bainistíochta na scoile ag an gcrinniú i mí Bealtaine 2015.